# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Déardaoin, 17 Meitheamh** **Tráthnóna, 2.00 – 4.30**

**Treoracha**

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa: 1000AD – An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo.***

## ROINN I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Ainmnigh an dá oibiacht atá ***léirithe ar an mbileog leis*** **seo,** agus déan cur síos agus plé orthu, agus tú ag tagairt dá bhfoirm, dá bhfeidhm, dá mbunábhair, dá maisiúchán agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun iad a dhéanamh.
**agus**
Déan plé achomair na tréimhsí ina ndearnadh iad.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**2.** Déan cur síos agus plé ar an ailtireacht luath-Éireannach, agus tú ag tagairt do lonnaíochtaí mainistreacha, d'eaglaisí agus do chlocháin choirceogacha i do fhreagra.
**agus**
Mínigh go hachomair na teicníochtaí a úsáideadh nuair a tógadh Aireagal Ghallarais, Co. Chiarraí nó Teampall Mhic Dara, Co. na Gaillimhe.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**3.** Déan plé ar láimhseáil na fíorach daonna i Lámhscríbhinní Éireannacha ar nós Leabhar Dharú nó Leabhar Cheanannais. Déan tagairt do leathanach ainmnithe amháin as ceachtar den dá leabhar i do fhreagra.
**agus**
Déan plé achomair ar an gcaoi a ndearnadh lámhscríbhinní den sórt sin agus mínigh an bhunfheidhm a bhí acu.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**4.** Chruthaigh ceardaithe miotalóireachta an aonú haois déag saothair a ndeachaigh an chuma a bhí orthu go mór i bhfeidhm ar dhaoine. Déan plé ar an ráiteas sin agus tú **ag tagairt go mion** do Scrín Phádraig agus do Bhachall Leasa Móire atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
**agus**
Ainmnigh sampla miotalóireachta amháin eile ón tréimhse agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**5.** Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Roghnaigh duine amháin de na hailtirí seo a leanas agus ainmnigh foirgneamh a dhear sé:
- Richard Cassels (c.1690-1751)
- Edward Lovett Pearce (1699-1733)
- Francis Johnston (1760-1829)
- William Chambers (c.1723-1796)
- Thomas Ivory (c.1732-1786).

(b) Déan plé ar an bhfoirgneamh atá roghnaithe agat agus déan cur síos ar a stíl agus ar a ghnéithe ailtireachta.
(c) Ainmnigh foirgneamh Seoirseach Éireannach amháin eile leis an ailtire céanna agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**6.** Meabhraíonn an t-ainm Harry Clarke (1889-1931) ceardaíocht ardchaighdeáin agus cur chuige samhlaíoch stílithe sa dearadh.
Déan plé ar an ráiteas sin maidir le saothar gloine daite ainmnithe amháin le Clarke, agus tú ag tagairt don ábhar, don chomhdhéanamh agus na tionchair atá le feiceáil ina shaothar.
**agus**
Ainmnigh sampla eile de ghloine dhaite le Clarke nó saothar le healaíontóir gloine daite Éireannach eile agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**7.** Déan plé ar an saothar **"Íomhá de Bono"** le Louis le Brocquy (b. 1916) atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Déan tagairt i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do na bunábhair a úsáideadh.
**agus**
Ainmnigh saothar amháin eile de chuid le Brocquy agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000AD – An Lá Inniu)

**8.** Bhí tionchar ag an eaglais Chríostaí ar fhorbairt na healaíne agus na hailtireachta le linn na tréimhse Rómhánúla. Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagairt go mion don struchtúr, leagan amach agus maisiúchán d'eaglais ainmnithe amháin ón tréimhse.
**agus**
Ainmnigh sampla amháin den dealbhóireacht Rómhánúil a ndearna tú staidéar air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**9.** Déan cur síos agus plé ar **"Sciúrsáil Críost"** le Piero della Francesca (1420-1492), atá ***léirithe ar an mbileog leis seo.*** Déan tagairt don tréimhse ina ndearnadh é, dá chomhdhéanamh, dá stíl, agus d'úsáid an tsolais agus an datha sa phictiúr.
**agus**
Ainmnigh saothar amháin eile leis an ealaíontóir seo agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**10.** Déan cur síos agus plé ar shaothar Raphael (1483-1520) agus tú ag tagairt go mion don ábhar, don chomhdhéanamh, do léiriú an spáis agus do láimhseáil na fíorach daonna i saothar ainmnithe amháin leis.
**agus**
Déan cur síos achomair ar an tionchar foriomlán a bhí aige ar an Ard-Renaissance.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**11.** Déan cur síos agus plé ar "**Na hAmbasadóirí"** le Hans Holbein (1497-1543), ***atá léirithe ar an mbileog leis seo,*** agus tú ag tagairt go mion don ábhar, don stíl, don teicníocht agus don siombalachas sa phictiúr.
**agus**
Déan plé achomair ar an tionchar a bhí ag Holbein ar ealaín na portráidíochta.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**12.** Bhí Paul Cézanne (1839-1906) ina nuálaí mór i stair na péintéireachta. Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagairt dá phictiúr, **"Le Mont St Victoire"** atá ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
**agus**
Ainmnigh agus déan plé achomair ar shaothar ainmnithe amháin eile le Cézanne.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**13.** Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar a bhaineann le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- Tírdhreach
- Pictiúr a bhfuil ainmhithe ann
- Saothar le Bernini
- Portráid dhéthoiseach nó thríthoiseach den ríochas
- Saothar dealbhóireachta le Anthony Gormley
- Pictiúr le Francis Bacon.

(b) Déan plé mion ar an saothar a roghnaigh tú, agus tú ag tagairt don ealaíontóir, don stíl, don comhdhéanamh, don bhunábhair, don teicníocht agus don tréimhse ina ndearnadh é.

(c) Ainmnigh saothar amháin eile leis **an ealaíontóir** a roghnaigh tú agus déan cur síos air.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**14.** Tá **"An Múnla Dearg",** atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*,** ar cheann de phictiúir osréalaíocha René Magritte (1898-1967). Déan plé mion ar an bpictiúr seo.

**agus**

Ainmnigh pictiúr amháin eile le Magritte nó saothar ainmnithe eile le healaíontóir osréalaíoch eile agus déan plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**15.** Déan cur síos mion ar phríomhthréithe ceann ***amháin*** de na gluaiseachtaí ealaíne seo a leanas:

- an Ghothaíocht (*Mannerism*)
- an Bráithreachas réamh-Rafaeilíteach
- an Ciúbachas
- De Stijl.

**agus**

Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe amháin eile le healaíontóir a raibh a s(h)aothar ina shampla tipiciúil den ghluaiseacht atá roghnaithe agat.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Bhí stádas "ón imeall" ag an ngraifítí i gcónaí. Tá ealaíontóirí idirnáisiúnta graifítí a tháinig chun cinn le déanaí, daoine ar nós Banksy, ag cur a saothair ar taispeáint i ngailearaithe anois, áfach.
Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagairt do shaincheisteanna ar nós na dtéamaí/an ábhair, na héifeachta ó thaobh amhairc de, agus na tráchtaireachta sóisialta ar an ngraifítí. Déan tagairt don ***léaráid ar an mbileog leis seo.***
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**17.** Féadfaidh troscán féinchóimeála (leacphacaí) a bheith ina réiteach dearaidh atá áisiúil, tíosach agus faiseanta do spásanna cónaithe ar nós árasán.
Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagairt do spás cónaithe plean oscailte de do rogha féin a fhearastú agus a mhaisiú. Tabhair cuntas ar an gcaighdeán, ar na bunábhair, ar an gcomhordú agus ar an mbailchríoch i do fhreagra.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**18.** Bíonn grúpaí ar nós Chumann Seoirseach na hÉireann agus An Taisce ag obair chun béim a leagan ar an ngá atá lenár n-oidhreacht ailtireachta a chaomhnú agus a athchóiriú.
Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagairt go mion do **dhá** fhoirgneamh stairiúla, cinn áitiúla nó cinn náisiúnta, ba chóir a chaomhnú nó a athchóiriú, dar leat. Tabhair fáthanna le do roghanna agus tabhair breac-chuntas ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as foirgnimh den sórt sin.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**19.** Tá gailearaithe beaga áitiúla le fáil i líon mór bailte ar fud na tíre agus cuireann siad seirbhís thairbheach ar fáil don phobal.
Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagairt do ghailearaí beag áitiúil ar bith a ainmníonn tú. Déan comparáid idir cuairt a thug tú ar ghailearaí beag agus cuair a thug tú ar mhúsaem nó ar ghailearaí náisiúnta ainmnithe.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**20.** Baineann dearadh faisin go tipiciúil le níos mó ná an fheidhm amháin. Ní mór don fheidhm, áfach, a bheith mar chroíghné an dearaidh le haghaidh éadaí don spórt iomaíoch.
Déan plé ar an ráiteas sin, agus tú ag déanamh mionchomparáide idir na riachtanais a bhaineann le faisin agus le héadaí spóirt a dhearadh do dhéagóirí.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán